# TUAIRISC ACHOMHAIR AR FHIANAISE BHONNLÍNE



# PLEAN GNÍO-MHAÍOCHTA AR SON NA hAER-ÁIDE DE CHUID ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# CLÁR NA NÁBHAR


**FORLÉARGAS AR AN TUARASCÁIL** 3

**RÉAMHRÁ** 4
NA DÚSHLÁIN A BHAINEANN LE HATHRÚ AERÁIDE 5
AN FHREAGAIRT NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA 6
RÓL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL 7

**CUNTAS GAIRID AR CHONTAE CHORCAÍ** 8
AN COMHTHÉACS ATÁ TAOBH THIAR DE GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE I GCORCAIGH 9

**FARDAL MAIDIR LE BONNLÍNE ASTAÍOCHTAÍ** 10
MODH I LEITH FARDAL MAIDIR LE BONNLÍNE ASTAÍOCHTAÍ 11
FOINSÍ D'ASTAÍOCHTAÍ I GCONTAE CHORCAÍ 12

**CRIOS DÍCHARBÓNAITHE** 15
FORLÉARGAS AR AN GCRIOS DÍCHARBÓNAITHE AGUS AN MODH A ÚSÁIDFEAR INA LEITH 16

**MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE** 20
AN MODH A ÚSÁIDFEAR CHUN MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE A DHÉANAMH 21
AERÁID CHONTAE CHORCAÍ AG ATHRÚ 22
TARLÚINTÍ ADHAIMSIRE I GCONTAE CHORCAÍ 23
ATHRUITHE AERÁIDE ATÁ Á DTUAR DO CHONTAE CHORCAÍ 24
RIOSCAÍ A BHAINEANN LEIS AN AERÁID AMACH ANSEO 25

**FÍS AGUS MISEAN DO CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ** 26
FÍS AGUS MISEAN CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ 27

**AGUISÍN** 28

# TUARASCÁIL FORLÉARGAS


**Tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin beartas poiblí domhanda is práinní roimh rialtais ar fud na cruinne sa lá atá inniu ann. Tá an brú ag géarú ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, rialtais náisiúnta agus rialtais áitiúla beart uaillmhianach a dhéanamh i bhfoirm tabhairt faoi mhaolú (astaíochtaí is cúis le hathrú aeráide a laghdú) agus oiriúnú (teacht aniar i leith drochthionchar agus rioscaí an athraithe aeráide a fheabhsú) Tá Údaráis Áitiúil na hÉireann i mbun Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil (PGAÚÁnna) a fhorbairt chun a gcion a dhéanamh maidir le spriocanna astaíochtaí náisiúnta a bhaint amach agus iompú ina geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de. Mar bhonn faoi na pleananna seo ní mór bonn fianaise láidir a bheith i gceist a thugann cuntas ar fhoinsí astaíochtaí chomh maith leis na rioscaí bainteach le haeráid atá roimh an údarás áitiúil. Tugann an tuarascáil seo achoimre ar an mbonn fianaise a forbraíodh le linn an PGAÚÁ a ullmhú do Chomhairle Contae Chorcaí.**

Cuireann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) (2021) de cheanglas ar údaráis áitiúla Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil (PGAÚÁ) a ullmhú. Lena chinntiú go bhforbrófar plean láidir agus fianaisebhunaithe, tá cuid mhór faisnéise bonnlíne de dhíth chun forbairt an PGAÚÁ a threorú, agus faisnéis den sórt seo le cur i ngrúpaí de réir na dtrí phríomhréimse seo a leanas:

- Fardal maidir le Bonnlíne Astaíochtaí (FBA) a dhéanann measúnú ar an bhfoinse de Ghás Ceaptha Teasa (GCT) misin taobh istigh de theorainn an údaráis áitiúil
- FBA don Crios Dícharbónaithe (CD) a shainaithin an t-údarás áitiúil Sainmhínítear an CD mar limistéar spásúil ina sainaithnítear réimse de bhearta maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta. Féachann na bearta seo le aghaidh a thabhairt ar fuinneamh ar bheagán carbóin, astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus riachtanais aeráide d'fhonn cur le spriocanna um athrú aeráide a bhaint amach; agus
- Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide (MRAÁ) a dhéanamh chun na tionchair aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mheas chomh maith leis na rioscaí atá ann don údarás áitiúil agus don phobal áitiúil.

Tá treoir maidir le PGAÚÁ a ullmhú forbartha ag na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar Son na hAeráide (ORGAnna) chun achoimre a thabhairt ar an gcur chuige ar ceart a ghlacadh i leith na measúnuithe seo a dhéanamh. Agus feidhm á baint acu as an treoir seo, tugadh sainordú do KPMG tabhairt faoi bhonn fianaise a fhorbairt do Chomhairle Contae Chorcaí. Le cois seo agus ar mhaithe le tacú le lucht Chomhairle Contae Chorcaí agus iad a iarraidh dul i ngleic leis na dúshláin a eascróidh as athrú aeráide, tá KPMG tar éis ráitis fhís agus mhisin tascacha a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí, mar aon le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil a fhorbairt a threoróidh an obair atá ar siúl chun bearta gníomhaithe ar son na haeráide a shainaithint agus a fhorbairt.

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar na dúshláin atá i ndán do Chontae Chorcaí de dheasca athrú aeráide agus an comhthéacs beartais go náisiúnta agus go háitiúil; chomh maith leis na príomhthorthaí a tháinig ó na measúnuithe FBA, CD, MRAÁ a rinneadh maille le fís táscach, misean, spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha Chomhairle Contae Chorcaí a chur in iúl. Maidir leis na sonraí mionsonraithe agus na torthaí a tháinig ó na measúnuithe bonnlíne, tá siad ar fáil san aguisín.




### SAMPLAÍ DE GHNÍOMHARTHA MAOLAITHE AGUS OIRIÚNAITHE

*Léiríonn Figiúr 1 samplaí de ghníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe agus comhréim áirithe idir roinnt gníomhartha agus iad ag iarraidh dul i ngleic le cúinsí maolaithe agus oiriúnaithe araon.*

# RÉAMHRÁ



# NA DÚSHLÁIN A BHAINEANN LE HATHRÚ AERÁIDE

**Is follasach go bhfuil tionchar an duine tar éis an t-atmaisféar, clár na talún agus an t-aigéan a théamh ón ré réamhthionsclaíoch leith, agus an aimsir is an aeráid curtha as a riocht i ngach réigiún ar fud na cruinne. Bhí gach deich mbliana le daichead bliain anuas níos teo ná aon deich mbliana roimhe sin ó 1850 i leith. Faoin am seo, tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin beartas poiblí domhanda is práinní roimh rialtais na linne seo.**

Tá athrú ag teacht ar aeráid an domhain, agus tá tionchar na n-athruithe seo ag éirí níos follasaí. I measc na n-athruithe follasacha ar an aeráide tá éagsúlachtaí i dteochtaí aeir agus aigéin, dlús curtha le leá sneachta agus oighearchaidhpeanna, oighearshruthanna ag dul ar gcúl go fada fairsing, leibhéil farraige ag dul in airde agus athruithe forleitheadacha ar phatrúin aimsire ar fud na cruinne. Tá drochthionchair gheilleagracha, chomhshaoil agus shóisialta ag gabháil leis na hathruithe seo cheana féin.


Ar aon dul le treochtaí domhanda tá athruithe ag teacht ar aeráid na hÉireann. Is léir ó mheasúnuithe a rinneadh le déanaí gur tháinig méadú de 0.9°C ar mheánteochtaí bliantúla ó 1900 i leith agus na tréimhsí teo tar éis dul i líonmhaire; gan trácht ar an athrú atá tagtha ar phatrúin frasaíochta agus treocht le sonrú le blianta beaga anuas go bhfuil níos mó báistí1 ag titim sa gheimhreadh; fad is atá leibhéil na farraige ag dul in airde fad agus an chosúlacht air go bhfuil leibhéil farraige ag ardú a dhá oiread níos tapúla i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh2,3 ná an ráta domhanda de réir na meastachán is déanaí. Is léir na hathruithe seo cheana féin sna hathruithe atá le sonrú i minicíocht agus i ndéine na dtarlúintí adhaimsire. In 2021, shainaithin an Eagraíocht Dhomhanda Mheitéareolaíochta cúig tharlú adhaimsire a tharla in Éirinn le linn 2021 a measadh iad a bheith neamhghnách agus gur mó seans gur thit siad amach de bharr athrú aeráide4.

Léiríonn réamh-mheastacháin maidir le hathrú aeráide d'Éirinn go mbeidh tuilleadh de na hathruithe seo agus go rachaidh siad i ndéine amach anseo. I gcás na hÉireann, léiríonn na réamh-mheastacháin:

- go leanfaidh leibhéal na mara de dhul in airde suas le 0.9m sna farraigí mórthimpeall na hÉireann faoi 21005;
- Ní bheidh stop leis an mheánteocht ag dul in airde agus tonnta teasa leithéidí iad a tharla in 2018 agus in 2022 ag éirí níos coitianta6:
- Éireoidh tarlúintí adhaimsire ina gcaitear fuarlach báistí níos coitianta agus níos déine5; agus
- Ní bheidh stop le téamh na bhfarraigí mórthimpeall na hÉireann agus athróidh ceimic agus salandacht ár bhfarraigí dá réir, rud a chuirfidh isteach ar éiceachórais mhuirí agus ar stoic éisc thráchtála5.

Braithfear tionchair na n-athruithe seo fud fad pobail agus timpeallacht na hÉireann, agus íocfaidh ár ngeilleagar agus ár sochaí go daor astu.

**ATHRÚ TEOCHTA IN ÉIRINN Ó 1901 I LEITH**




*Níos fuaire* — *An mheánteocht thar an tréimhse thagartha (1971-2000)* — *I bhfad níos teo*

I ngach colún léirítear an mheánteocht le haghaidh bliain amháin, i gcomparáid leis an meánteocht i rith na tréimhse ina iomláine. Léiríonn imreacha de ghorm blianta níos fuaire ná an meán, agus léiríonn an dath dearg blianta a bhí níos teo ná an meán

*(Foinse: https:// showyourstripes.info/s/ europe/Ireland, Ed Hawkins, National Centre for Atmospheric Science, Ollscoil Reading).*

# IDIRNÁISIÚNTA AGUS NÁISIÚNTA FREAGAIRT

**Tá na hiarrachtaí chun dul i ngleic le hathrú aeráide ag dul i neart go domhanda mar ba léir nuair a shínigh 195 tír an Comhaontú Pháras COP21 in 2015. Tá beartais aeráide na hÉireann ag dul i bhfeabhas de réir ceanglais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus é mar aidhm acu "tabhairt faoi agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh 2050, an t-aistriú go geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ar mhóran bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh na comhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de."**

Tá sé ina ábhar práinne do rialtais ar fud an domhain anois dul i ngleic le hathrú aeráide agus ba léir sin nuair a shínigh 195 tír comhaontú Pháras COP21 agus é mar aidhm aige téamh domhanda a choimeád faoi bhun 2 °C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha, tabhairt faoi iarrachtaí chun méaduithe a choimeád faoi bhun 1.5 °C, cur le teacht aniar agus iarrachtaí oiriúnaithe a neartú go mór chun leochaileacht i leith athrú aeráide a laghdú. Agus aidhmeanna an Chomhaontú Pháras le sonrú ann, shocraigh an Dlí Aeráide Eorpach (2021) mar sprioc go mbainfí aeráidneodracht amach ar fud na hEorpa faoi 2050, agus glanlaghdú idirmheánach de 55% ar a laghad ar astaíochtaí GCT faoi 2030.

Tá beartas aeráide in Éirinn ag teacht le huaillmhianta an AE dul i ngleic le hAthrú Aeráide. Tá an Cuspóir Aeráide Náisiúnta chun "tabhairt faoi agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh 2050, an t-aistriú go geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh na comhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de" cumhdaithe san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Trí bhíthin an Achta gabhann Éire uirthi féin astaíochtaí gáis ceaptha teasa foriomlán a laghdú 51% faoi 2031 (i gcomparáid le 2018) agus neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí.

Tarraingítear aird san Acht ar a thábhachtaí is atá cuir chuige áitbhunaithe agus ról an údaráis áitiúil, agus leagtar síos san Acht go gcaithfidh gach údarás áitiúil PGAÚÁ a ullmhú a shonróidh na bearta maolaithe agus oiriúnaithe atá an t-údarás áitiúil chun glacadh chuige féin. Déanfar na pleananna seo a nuashonrú uair amháin ar a laghad gach cúig bliana.

| | |
|---|---|
| **DOMHANDA** | • Comhaontú Pháras (COP21)<br>• Spriocanna NA um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFInna) |
| **CREAT AERÁIDE AGUS FUINNIM** | • an Aontas Eorpach<br>• Beartas um Oiriúnú an AE<br>• Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh an AE<br>• Treoracha Gaolmhara |
| **ÉIRE** | • Beartas Aeráide Náisiúnta (2014)<br>• Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021<br>• An Plean Náisiúnta um Maolú (2017)<br>• Creat Náisiúnta um an Oiriúnú (2018)<br>• Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (2019)<br>• Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 |
| **CONTAE CHORCAÍ COMHAIRLE** | • Straitéis Spásúil & Eacnamaíoch Réigiúnach<br>• Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach<br>• Straitéis Corparáideach<br>• Pleananna Forbartha<br>• Pleananna Soláthair Seirbhíse Bliantúla<br>• Pleananna Geilleagair & Pobail Áitiúil<br>• Pleananna um Oiriúnú don Athrú Aeráide |


# RÓL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

**Tá na húdaráis áitiúla tar éis dul i gceann gníomhú ar son na haeráide cheana féin agus pleananna uaillmhianacha acu chun an deis uathúil a thapú a oiread agus is féidir gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud a n-eagraíochtaí agus a gcontaetha féin. Sonrófar sa PGAÚÁ na gníomhartha a ghlacfaidh an tÚdarás Áitiúil ar fud a chuid seirbhísí féin chun spriocanna astaíochtaí náisiúnta a bhaint amach agus le go mbeidh níos mó teacht aniar ina chuid sócmhainní daonna agus bonneagair i leith cur isteach ó athrú aeráide. Sonrófar sa PGAÚÁ freisin conas a oibreoidh an t-údarás áitiúil lena phobail féin chun athrú chun feabhais a chur chun cinn agus i gcomhar le gníomhaireachtaí rialtais agus stáit náisiúnta chun gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích.**

Tá Údaráis Áitiúla réidh le bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le gníomhú ar son na haeráide de agus is mór an uaillmhian atá acu léiriú don saol an méid ar féidir le húdarás áitiúil a bhaint amach má tá tacaíocht acu ón rialtas. Trí bhíthin an PGAÚÁ, féachann údaráis áitiúla le gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích ar fud trí phríomhréimse:

- Gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích ar fud feidhmeanna agus seirbhísí údaráis áitiúil: Tá údaráis áitiúla freagrach as thart ar 11% d'astaíochtaí iomlána na hearnála poiblí. Tá údaráis áitiúla freagrach as agus tá údarás acu ar bhainistiú agus ar laghdú na n-astaíochtaí seo. Ina theannta sin, tá sé de fhreagracht ar an údarás áitiúil cur leis an teacht aniar atá i sócmhainní daonna agus bonneagair le nach gcuirfeadh drochthionchair an athraithe aeráide isteach orthu an oiread sin fad is atá sé de dhualgas orthu freisin a chinntiú go seachadtar feidhmeanna agus seirbhísí riachtanacha.
- Dul i gcion ar ghníomhú ar son na haeráide i measc a bpobal féin agus ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla ina thaobh: Tá ról ceannaireachta ag an údarás áitiúil chun dlús a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide go háitiúil agus i measc na bpobal. Trí bhíthin an róil ceannaireachta seo gabhann an t-údarás áitiúil air féin dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus é sin a dhéanamh ar na bealaí sainiúla agus éagsúla atá faoina réir.
- Gníomhú ar son na haeráide a chomhordú agus a éascú agus labhairt ar a son: Tá deis shuntasach ag údaráis áitiúla freisin a oiread leasa agus is féidir a bhaint as a gcuid feidhmeanna rialála agus straitéiseacha, feidhmeanna amhail pleanáil spásúil, soláthar bonneagair agus forbairt geilleagair agus pobail áitiúil chun freagairtí ina leith a spreagadh agus a chur chun cinn go háitiúil chomh maith le dul i gcion ar agus tacú leis na hiarrachtaí chun astaíochtaí a laghdú ar fud gach earnáil den tsochaí ar bhonn áitiúil fad is gur féidir leo tacú le pobail chun dul in oiriúint d'aeráid atá ag athrú agus teacht aniar a neartú i leith aon drochthionchar a eascraíonn as seo. Lena chois sin, is féidir le húdaráis áitiúla cur ina luí ar dhaoine cosaint agus feabhsú níos fearr a thabhairt don timpeallacht nádúrtha agus don bhithéagsúlacht, leanúint de bheith réamhghníomhach maidir le dul i mbun plé maidir le riosca i gcás tuilte, maoiniú agus infheistíocht a fháil, chomh maith le comhordú agus obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile chun seachadadh tionscnamh agus bonneagair aeráide cuí a éascú agus a chumasú.

De bharr na ról iomadúil seo atá idir lámha ag an údarás áitiúil, le linn dóibh a bheith i mbun a PGAÚÁ a fhorbairt, níl aon dul as ag Comhairle Contae Chorcaí ach tabhairt faoi theacht aniar a neartú ar bhonn eagraíochtúil agus pobail agus é ag iarraidh cur leis na hiarrachtaí chun cur i gcoinne drochthionchair an athraithe aeráide (oiriúnú) agus chun dul i ngleic leis na rudaí is cúis le hathrú aeráide (maolú).




*Léaráid 4: Forléargas ar scóip na n-údarás áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.*

# CUNTAS GAIRID AR CHONTAE CHORCAÍ



# AN COMHTHÉACS ATÁ TAOBH THIAR DE GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE I GCORCAIGH

**Is í Comhairle Contae Chorcaí an dara húdarás áitiúil is mó in Éirinn agus is í an ceann is mó más é méid geografach an critéar cinntitheach. Sainghné de Chontae Chorcaí is ea tírdhreacha intíre agus cósta méithe agus ilghnéitheacha, go leor áiteanna atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de, agus daonra atá ag dul i líonmhaire. Le bheith fabhrach d'fhás amach anseo, tá Contae Chorcaí ag infheistiú in acmhainní fuinnimh in-athnuaite cheana féin, fad is atá uasghrádú á dhéanamh aige ar a chuid bonneagair agus tionscadail um maireachtáil go inbhuanaithe á reáchtáil aige ar bhonn píolótach.**

### CONTAE CHORCAÍ – "SA LÁ ATÁ INNIU ANN"

Is é Contae Chorcaí an contae is mó in Éirinn agus limistéar riaracháin 7,457 km2 san iomlán ann; tírdhreach intíre agus cósta éagsúil mar shainghné aige, raidhse acmhainní nádúrtha agus is gnáthóg é ina bhfaightear bithéagsúlacht go rafar ann. Níl aon easpa caipitil nádúrtha ar an gcontae fud fad a chósta 1,118 km ar fad agus tá cuan nádúrtha ann mar aon le 125 abhainn, loch, foraois agus coillearnach. Tá neart speiceas faoi chosaint ag cur fúthu i gContae Chorcaí mar aon le neart áiteanna atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de a bheith ann, lena n-áirítear 30 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna), 18 Limistéar faoi Chosaint Speisialta, agus 8 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha.

Tá 358,898 duine ina gcónaí i gContae Chorcaí (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2022), figiúr arb ionann é agus méadú 8% ar líon a ndaoine a bhí ina gcónaí ann in 2016. Is é €49,489, an t-ioncam airmheáin comhiomlán teaghlaigh (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016), figiúr atá 9% níos airde ná an t-ioncam airmheáin ar fud an stáit. I measc na dtionscal fostaíochta is tábhachtaí sa réigiún tá Seirbhísí Gairmiúla (22.7%), Tráchtáil & Trádáil (21.3%), Tionscail Déantúsaíochta (16.2%), agus Talmhaíocht/Foraoiseacht/Iascaireacht (8.3%). Tá na scéimeanna hidreachumhachta is mó in Éirinn le fáil sa Chontae freisin in Inis Cara agus i gCluain Droichid. Maidir le limistéar talún talmhaíochta iomlán an chontae, síneann sé thar 530,000 heicteár agus talamh feirme déiríochta an-thorthúil Mhachaire na Mumhan mar chuid de.

### CONTAE CHORCAÍ – "AN TRÉIMHSE AMACH ROMHAINN"

Táthar ag súil go leanfaidh an borradh faoi dhaonra Chontae Chorcaí agus 66,000 duine sa bhreis ina gcónaí ann faoi 2031, agus gá le tuilleadh tithíochta agus bonneagair sa Chontae dá bharr chun freastal ar an daonra seo atá ag fás. Tuigeann Contae Chorcaí an riachtanas seo agus an ceanglas atá ann pleanáil a dhéanamh go hinbhuanaithe trí straitéisí forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus pleanáil agus infheistiú gníomhach a dhéanamh le gur féidir aistriú go sochaí agus geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus ar bheagán carbóin.

**66,000 duine sa bhreis**
i gContae Chorcaí faoi 2023

**22,600**
aonad tithíochta nua ag teastáil faoi 2028

**Pleanáil don oiriúnú**
**Scéimeanna Cosanta Tuilte**, e.g. Baile na Martra, Inis Eonáin, Maigh Chromtha, Mainistir na Corann agus Baile na Cora
**Bonneagar Bóthair**, e.g. Uasghrádú ar an N22, M20 Chorcaí go Luimneach, Rinn an Scidígh, Carraig Thuathail-Mainistir na Corann, Carraig Uí Leighin, Maigh Chromtha

**648 heicteár**
talún criosaithe le haghaidh úsáid chónaithe agus úsáid mheasctha

**Pleanáil don oiriúnú**
Áirítear ar phríomhthionscadail fuinnimh in-athnuaite
- 38 feirm ghaoithe
- 43 feirm ghréine

Fadtéarmach agus Straitéiseach
**LÁITHREÁIN INBHUANAITHE**
sa Chóbh, i gCarraig Thuathail agus sa Mhóin Ard (SDZ)



Source: Cork County Council (2021)



Source: emaoifrob.com

**Pleanáil Uirbeach: Limistéar um Leathnú Uirbeach Charraig an Uisce (Mainistir na Corann)**
- Tionscnamh le haghaidh Ciste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil
- 2,500 aonad cónaithe, scoil, taitneamhacht, seirbhís agus bonneagar
- Díonta glasa, painéil ghréine ar an díon agus saoráidí chun uisce báistí a bhaint
- €12 mhilliún á infheistiú ag Uisce Éireann

# MODH I LEITH FARDAL MAIDIR LE BONNLÍNE ASTAÍOCHTAÍ

**Tá Aguisín Teicniúil C mar bhonn eolais faoi Fhardal maidir le Bonnlíne Astaíochtaí (FBA) Chomhairle Contae Chorcaí: Measúnú ar Mhaolú Aeráide' a chinnteoidh cur chuige láidir agus comhsheasmhach i measc na n-údarás áitiúil go léir i leith a gcuid FBAnna a fhorbairt. Ag gníomhú de réir na treorach, ghlac Comhairle Contae Chorcaí cur chuige Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 chuige féin chun FBA a cheapadh.**

1

### LEIBHÉAL 1 MEASÚNÚ "Ó BHARR ANUAS"

- Is é an cur chuige Leibhéal 1 an cur chuige is simplí agus is tapúla chun astaíochtaí carbóin ag leibhéal na Comhairle Contae a mheas.
- Tá sonraí atá ar fáil go poiblí mar bhonn eolais faoin gcur chuige, lena n-áirítear bunachar sonraí MapEire na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) mar aon leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS).

2

### LEIBHÉAL 2 MEASÚNÚ "Ó BHUN ANÍOS"

- Tá sé de bhua ag cur chuige Leibhéal 2 gur féidir breathnú níos grinne leis ar thiománaithe agus ar na háiteanna is measa ó thaobh astaíochtaí carbóin de ach leas a bhaint as tacair sonraí níos mionsonraithe.
- Is iad sonraí atá ar fáil go poiblí an bonn eolais is mó faoi gcur chuige seo, lena n-áírítearAn Phríomh-Oifig Staidrimh (POS), an tOllchlár Iompair agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

Mar chuid d'Fhardal maidir le Bonnlíne Astaíochtaí (FBA) tá cuntas ar conas mar a chuirfear isteach ar na hearnálacha seo a leanas, ar bhealach a thagann leis an bhFardal maidir le hAstaíochtaí:

- Tionscail Fuinnimh
- Cónaitheach
- Tráchtála & Déantúsaíochta
- Próisis Tráchtála
- Talmhaíocht
- Iompar
- Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún & Foraoiseacht (ÚTAÚTF)
- Dramhaíl

Úsáidtear 2018 mar bhliain bhonnlíne don mheasúnú FBA. Roghnaíodh an bhliain seo d'aon ghnó le go mbeifí ag teacht le spriocanna náisiúnta na hÉireann ar socraíodh iad i gcoinne 2018 mar bhliain bhonnlíne. Tugann an measúnú FBA seo léargas ar na hastaíochtaí carbóin a chuir gach earnáil aitheanta den gheilleagar amach laistigh de theorainneacha údaráis áitiúil ar leith ag am ar leith. Cuimsíonn an bhonnlíne foinsí astaíochtaí díreacha agus indíreacha laistigh den limistéar riaracháin mar aon leis an leibhéal rialaithe agus tionchar a bhíonn ag údarás áitiúil ar na hastaíochtaí seo.

Tá an t-athrú teorainn a rinneadh ar limistéar riaracháin Chontae Chorcaí iar 2019 le sonrú i dteorainn FBA Chomhairle Contae Chorcaí. Baineadh feidhm as an teorainn seo le gur féidir astaíochtaí carbóin a astófar amach anseo a chur i gcomparáid le bonnlíne atá ar aon dul leis.

# FOINSÍ D'ASTAÍOCHTAÍ I GCONTAE CHORCAÍ

**Faightear achoimre ar mheasúnú Leibhéal-1 'Ó bharr anuas' thíos. Tugann sé léargas ag am ar leith ar fhoinsí astaíochtaí i gContae Chontae agus é ag feidhmiú mar bhunús lenár féidir gníomhartha agus bearta spriocdhírithe a shainaithint, a thomhas agus ar féidir monatóireacht a dhéanamh ina choinne.**

### LÉARGAS AR LEIBHÉAL FBA 1


In 2018, arb é an bhliain bhonnlíne sa chás seo, bhí astaíochtaí carbóin náisiúnta na hÉireann thart ar 70,235 cileatonna de choibhéis dé-ocsaíd charbóin (CO2E). Más é Leibhéal 1 FBA an cur chuige a úsáidtear, meastar gurb ionann astaíochtaí carbóin ó Chontae Chorcaí agus thart ar 12% de na hastaíochtaí carbóin náisiúnta sa bhliain bhonnlíne. Is léir ó na torthaí a fuarthas ó chur chuige FBA Leibhéal 1 (Léaráid 5) go dtagann formhó na n-astaíochtaí carbóin ó earnáil na talmhaíochta agus ón tionscal fuinnimh, dhá earnáil arb ionann iad agus 60% de mhéid iomlán na n-astaíochtaí carbóin a chuirtear amach i gContae Chorcaí.

### TALMHAÍOCHT


Tá earnáil na talmhaíochta taobh thiar de 38% de na hastaíochtaí carbóin a chuirtear amach. Cuimsíonn an figiúr seo astaíochtaí meatáin (CH4) agus ocsaíde nítriúla (N2O) araon, ar gáis cheaptha teasa iad a bhfuil baint mhór acu le hearnáil na talmhaíochta. Tagann astaíochtaí meatáin ón gcoipeadh a tharlaíonn i gcórais díleá ainmhithe (coipeadh eintreach), fad is a thagann astaíochtaí ocsaíde nítriúla ó úsáid leasacháin. I gcás Chontae Chorcaí, tá earnáil na talmhaíochta taobh thiar de 90% de na hastaíochtaí meatáin ina iomláine agus 89% d'astaíochtaí ocsaíde nítriúla ina iomláine.

### TIONSCAIL FUINNIMH

Tá na tionscail fuinnimh taobh thiar de 24% d'astaíochtaí carbóin laistigh de limistéar Chontae Chorcaí. Fós féin, is astaíochtaí ó stáisiúin ghiniúna chumhachta atá le sonrú sa sciar seo agus ní na háiteanna laistigh agus lasmuigh de Chontae Chorcaí ina bhfuil leictreachas á ídiú. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, díríonn Léaráid a 6 ar na hearnálacha a ídíonn fuinneamh laistigh de theorainn Chontae Chorcaí, rud a chuideodh le gníomhartha maolaithe sonracha cuí a mheas agus a fhorbairt. Léiríonn sé seo briseadh síos ábhairín difriúil d'astaíochtaí earnála agus na hearnálacha cónaitheacha agus tráchtála & déantúsaíochta curtha leis (dhá earnáil atá de thiar de 11% agus 12% de líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin, faoi seach).




*Léaráid 5: Líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin de réir earnála, na Tionscail Fuinnimh san áireamh, ar bhealach a úsáideann an cur chuige Leibhéal 1 'ó bharr anuas'.*





*Léaráid 6: Líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin ó na hearnálacha a ídíonn leictreachas ar bhealach a úsáideann an cur chuige Leibhéal 1 'ó bharr anuas'.*

***Focal faoi mhodheolaíocht***


*Léirítear torthaí an chur chuige FBA Leibhéal 1 sa chairt. Faightear ann briseadh síos ar astaíochtaí carbóin (coibhéis CO2) ar fud gach earnáil ábhartha den gheilleagar laistigh de scóip agus teorainn Chomhairle Chontae Chorcaí. Baineann na hastaíochtaí carbóin leis an mbliain bhonnlíne – 2018. Miondealú earnála de réir gáis cheaptha teasa, is é sin, dé-ocsaíd charbóin (CO2), meatán (CH4) agus ocsaíd nítriúil (N2O) agus léarscáiliú ar astaíochtaí curtha san áireamh sa Tuarascáil Theicniúil.*

# FOINSÍ D'ASTAÍOCHTAÍ I GCONTAE CHORCAÍ


**D'fhonn tuiscint níos doimhne a fháil ar astaíochtaí i gContae Chorcaí, táthar tar éis cur chuige FBA Leibhéal 2 'Ó bhun aníos' a fhorbairt. Fónann measúnú FBA Leibhéal 2 do léargas níos grinne a fháil ar thiománaithe agus ar na háiteanna is measa ó thaobh astaíochtaí carbóin de laistigh den chontae.**




*Léaráid 7: Líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin de réir earnála ar bhealach a úsáideann an cur chuige Leibhéal 2 'Ó bhun aníos'.*




*Léaráid 8: Achoimre ar na hastaíochtaí carbóin a thagann ón earnáil Iompair de réir cineál iompair.*




*Léaráid 9: Achoimre ar astaíochtaí carbóin ón earnáil Tráchtála agus Déantúsaíochta de réir foinse fuinnimh.*

## FORLÉARGAS AR FBA LEIBHÉAL 2

Léirítear na torthaí foriomlána a fuarthas ón measúnú FBA Leibhéal 2 'ó bhun aníos' i Léaráid 7. Is léir uaithi go dtagann an sciar is mó de na hastaíochtaí i gContae Chorcaí ó thalmhaíocht agus í taobh thiar de 43% de líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin. Tá na hearnálacha iompair, tráchtála, déantúsaíochta, próisis thionsclaíocha, agus an earnáil chónaithe freagrach as thart ar 15%, 13%, 11%, agus 10% faoi seach. Tagann pé astaíochtaí atá fágtha ó Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (ÚTAÚTF), nó is astaíochtaí ó na hearnálacha dramhaíola agus bardais iad.

## IOMPAR

Tá iompar taobh thiar de 15% de líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin laistigh de Chontae Chorcaí. Den sciar seo, tagann 65% de na hastaíochtaí carbóin ó úsáid carranna príobháideacha, agus 32% eile ag teacht ó fheithiclí lasta bóthair agus earraí éadroma (Léaráid 8). Ní bhaineann ach 3% d'astaíochtaí carbóin le hiompar poiblí. Is léir ó na torthaí seo na modhanna iompair atá á n-úsáid sa chontae agus cé chomh tugtha is atá daoine do thaisteal i gcarr príobháideach.

## TRÁCHTÁLA & DÉANTÚSAÍOCHTA

Tá an earnáil Tráchtála agus Déantúsaíochta freagrach as 11% de líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin laistigh de Chontae Chorcaí (Léaráid 7). Mar sin féin, tá roinnt foinsí eile a chuireann le líon na n-astaíochtaí a chuirtear amach i gContae Contae Chorcaí (Léaráid 9). Is léir ón anailís a rinneadh ar an earnáil seo go mbaineann 32% le gual biotúmanach a úsáid, agus tagann 23% díobh ó ola a úsáid. Tá úsáid leictreachais taobh thiar de 12% de agus is ionann úsáid díosail agus 11% de. Tá úsáid gáis nádúrtha taobh thiar de 10% de na hastaíochtaí agus baineann an 12% eile le gás peitriliam leachtaithe (GPL) agus le húsáid cheirisín.

***Focal faoi mhodheolaíocht***

*Maidir leis an measúnú FBA Leibhéal 2 'ó bhun aníos', ní raibh sé indéanta meastacháin a thabhairt maidir le líon iomlán astaíochtaí i gcás roinnt earnálacha ('Tráchtála & Déantúsaíocht', 'Próisis Thionsclaíocha' agus 'ÚTAÚTF'). I gcás na n-earnálacha seo, cuireadh na torthaí a fuarthas ón measúnú Leibhéal 1 agus léirítear iad i Léaráid 7.*

# FOINSÍ D'ASTAÍOCHTAÍ I GCONTAE CHORCAÍ

**Fónann cur chuige Leibhéal 2 do thuiscint níos fearr a fháil ar na foinsí éagsúla astaíochtaí a bhaineann le tithe cónaithe agus de thoradh gníomhaíochtaí Chomhairle Chontae Chorcaí. Is féidir le Comhairle Contae Chorcaí leas a bhaint as an bhfaisnéis seo chun gníomhartha ábhartha agus spriocdhírithe a cheapadh chun astaíochtaí sa réigiún a laghdú.**


## CÓNAITHEACH

Léirítear i Léaráid 10 na hastaíochtaí carbóin a thagann ón bhfuinneamh a ídítear i dtithe cónaithe de réir cineál breosla. Léiríonn na torthaí gurb iad ola agus leictreachas na foinsí astaíochtaí is mó i dtithe cónaithe ag 69%, agus is ionann gás nádúrtha agus 14% d'astaíochtaí. Tagann 17% de líon iomlán na n-astaíochtaí cónaitheacha ó ghual agus ó mhóin a dhó.


Is 2,630 Gigeavata uaire é an fuinneamh iomlán a ídítear san earnáil chónaithe, agus gan ach 2.3% de sin á fháil ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite fad is iad tithe scoite na hídítheoirí is mó d'fhuinneamh in-athnuaite.

## COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

Tá Comhairle Contae Chorcaí freagrach as agus is fúthu atá sé rogha a dhéanamh maidir leis na cineálacha fuinnimh a úsáidtear ina gcuid bhfoirgneamh, ina bhflít feithiclí, mar aon leis an soilsiú poiblí laistigh ina n-áitreabh. Déantar achoimre ar na hastaíochtaí carbóin a chuireann Comhairle Contae Chorcaí amach i Léaráid 11, agus is é ídiú leictreachais an foinse astaíochtaí carbóin is mó (65%), fad is atá iompar agus úsáid feithiclí is cúis le 23% díobh agus tá téamh foirgneamh taobh thiar de 12% den iomlán.




*Léaráid 10: Achoimre ar astaíochtaí carbóin ón earnáil chónaitheach de réir cineál breosla.*




*Léaráid 11: Achoimre ar astaíochtaí carbóin ó astaíochtaí carbóin Chomhairle Contae Chorcaí de réir foinse.*

## ASTAÍOCHTAÍ A LAGHDÚ

Tá faisnéis fhóinteach le fáil sna measúnuithe Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ar féidir Comhairle Contae Chorcaí leas a bhaint aisti chun gníomhartha ábhartha agus spriocdhírithe a cheapadh chun astaíochtaí sa réigiún a laghdú. I measc na ngníomhartha a d'fhéadfadh Comhairle Contae Chorcaí a dhéanamh chun tacú le hastaíochtaí a laghdú ar fud an Chontae tá:

- Féachaint chuige go dtarlóidh aistriú chuig foinsí d'fhuinneamh glas sa stoc tithíochta sóisialta a bhfuil Comhairle Contae Chorcaí freagrach as.
- Leas a bhaint as a ról ceannaireachta i measc an phobail chun cur ina luí ar chónaitheoirí iompú ar fhoinsí fuinnimh a úsáid ina dtithe nach dtagann a oiread sin gáis cheaptha teasa astu.
- Líon na roghanna atá ann ó thaobh iompar poiblí de agus rochtain orthu a fheabhsú d'fhonn líon na dturas a dhéantar i gcarr príobháideach a laghdú
- Bonneagar oiriúnach a sholáthar le gur féidir le daoine níos mó taistil a dhéanamh ar bhealach aclaí, amhail siúl agus rothaíocht.
- Aird an phobail a tharraingt ar fhoinsí fuinnimh níos glaise agus ar na roghanna iompair.

# CRIOS DÍCHARBÓNAITHE



# DÍCHARBÓNÚ FORLÉARGAS AR CHRIOS & AR MHODH

**Is éard is Crios Dícharbónaithe (CD) ann ná limistéar spásúil, arna sainaithint ag gach údarás áitiúil in Éirinn, ina sainaithnítear réimse de bhearta maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta i leith athrú aeráide le gur féidir fuinneamh ar bheagán carbóin go háitiúil, astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus riachtanais aeráide a chur i dtreo spriocanna náisiúnta um gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Is léiriú agus is deis rudaí nua a thriail iad CDanna inar féidir a léiriú gach ar féidir a bhaint amach go háitiúil agus i measc an phobail i dtaca le dícharbónú agus gníomhú ar son na haeráide de. Trí bhíthin lúb aischothaithe de thurgnaimh agus meastóireacht a dhéanamh, cinntíonn an CD go n-úsáidfear cur chuige atá solúbtha, céim ar chéim agus faoi stiúir an phobail lena chinntiú go mbainfí a chuid chuspóirí amach.**




Ainmníodh Maigh Chromtha mar CD do Chomhairle Contae Chorcaí bunaithe ar a shaintréithe socheacnamaíocha agus fisiceacha timpeallachta ar measadh iad a bheith oiriúnach nuair a tomhaiseadh iad i gcoinne sraith de chritéir CD sainithe mar a léirítear ar dheis. Léirítear an limistéar CD sa léarscáil thíos agus tá achar talún de 530,000 heicteár ann a bhfuil talamh feirme déiríochta an-thorthúil Mhachaire na Mumhan mar chuid de.

A luaithe is a shainaithnítear limistéar CD agus a shocraítear an fhís agus na cuspóirí uileghabhálacha chun dul leis, ní mór do gach údarás áitiúil tús a chur leis an gcéad chéim eile den CD - Fardal maidir le Bonnlíne Astaíochtaí (FBA) an cheantair CD a fhorbairt. Tugann an FBA forléargas ar líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin ag am ar leith sa cheantar agus is uirlis thábhachtach í chun tacú le húdarás áitiúil agus cur ar a chumas tomhas a dhéanamh ar conas mar a rachaidh na gníomhartha atá beartaithe chun astaíochtaí a laghdú i bhfeidhm ar fud a chuid oibríochtaí féin chomh maith le ar earnálacha ábhartha den tsochaí.

Tá Aguisín Teicniúil C mar bhonn eolais faoi obair Chomhairle Contae Chorcaí agus FBA á fhorbairt acu don cheantar CD: Measúnú ar Mhaolú Aeráide agus Criosanna Dícharbónaithe Iarscríbhinn D agus baintear leas as cur chuige Leibhéal 3, is é sin, cur chuige 'ó bhun aníos, faoi threoir spáis', agus úsáidtear 2018 mar an bhliain bhonnlíne. Roghnaíodh an bhliain seo d'aon ghnó le go mbeifí ag teacht le spriocanna náisiúnta na hÉireann ar socraíodh iad i gcoinne 2018 mar bhliain bhonnlíne. Déantar astaíochtaí bainteach leis na hearnálacha seo a leanas a mheas sa mheasúnú FBA seo ó tharla baint a bheith acu leis an limistéar CD: Cónaitheach, Tráchtála & Earnáil Phoiblí, Iompar, agus Dramhaíl.
Tugann faoi CD Comhairle Contae Chorcaí i ndá chéim le gur féidir bonn eolais a chur faoin tuiscint atá ar astaíochtaí fuinnimh agus carbóin sa limistéar CD. Forbraíodh forléargas 'ó bharr anuas' ar astaíochtaí carbóin sa limistéar CD ar dtús, rud atá fabhrach do radharc ar an mórchóir a fháil ar mhéid na n-astaíochtaí sa cheantar agus ar na háiteanna is mó a bhfuil gníomhaíochtaí earnála ar siúl. I ndiaidh d'fhorléargas 'ó bharr anuas' a dhéanamh, úsáideadh cur chuige measúnaithe Leibhéal 3 'Ó bhun aníos', a fhónfaidh do shonraí agus faisnéis a léarscáiliú sa limistéar CD.

*Meastar go n-oireann CD Mhaigh Chromtha do bheith ina limistéar léirithe inar féidir triail a bhaint as bearta uirbeacha dícharbónaithe atá le glacadh i gceantair uirbeacha eile chomh maith le hiad a leathnú ar fud Chontae Chorcaí agus níos faide i gcéin.*


**ZÓNÁIL** *Meastar go bhfuil 3,961 duine ina gcónaí i gceantar Mhaigh Chromtha (2016 sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS)).*

**ACHAR TALÚN** *Tá achar talún thart ar 3.3 km2 ina iomláine i Maigh Chromtha.*


**INSCÁLAITHEACHT** *Trasnaíonn CD Mhaigh Chromtha 19 gceantar bheaga faoi 2 Thoghroinn (TRanna) (mar a léirítear laistigh den teorainn líne deirge ar chlé).*

# CRIOS DÍCHARBÓNAITHE TORTHAÍ FBA


**Tugann an Measúnú Leibhéal 3 ar Chrios Dícharbónaithe Mhaigh Chromtha forléargas mionsonraithe ar líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin sa cheantar a thagann ó thithe cónaithe, Iompar, ón earnáil dramhaíola agus ón earnáil thráchtála agus phoiblí.**




*Léaráid 12: Bonnlíne d'Astaíochtaí Carbóin Mhaigh Chromtha de réir catagóire in 2018.*





*Léaráid 13: Astaíochtaí carbóin cónaitheacha sa CD, roinnte de réir cineál áitribh cónaithe*




*Léaráid 15: Ídiú iomlán na hearnála cónaithí de réir cineál breosla i gceantar Mhaigh Chromtha.*

De réir daonáireamh 2016, tá daonra de 3,961 ag cur fúthu i Maigh Chromtha agus dlús daonra de 1,200 duine in aghaidh an km2 ann, dlús atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 72 duine in aghaidh an km2. Léirítear na torthaí foriomlána a fuarthas ón measúnú Leibhéal 3 'ó bhun aníos' i Léaráid 12. Is ionann líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin a cuireadh amach sa limistéar CD le linn 2018 agus thart ar 33,966 tonna de CO2. Is ionann é seo agus 8.58 tCO2e in aghaidh an duine bunaithe ar shonraí daonra tógtha ó dhaonáireamh 2016. Is léir ó na torthaí go bhfuil astaíochtaí carbóin sa CD roinnte go cothrom idir an earnáil chónaithe, an earnáil iompair, agus an earnáil thráchtála agus phoiblí, agus an earnáil dramhaíola taobh thiar de 2% de líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin.

Tá an earnáil chónaithe freagrach as 32% de na hastaíochtaí carbóin sa limistéar CD Mhaigh Chromtha, sciar arb ionann é agus thart ar 10,869 tCO2e. Tá na 'Tithe' sa limistéar CD taobh thiar de 95% de líon iomlán astaíochtaí carbóin na hearnála, agus 'Árasáin' sa limistéar CD, taobh thiar den 5% eile (Léaráid 13). Léirítear i Léaráid 14 na hastaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil chónaithe ar fud limistéar CD, agus iad curtha in iúl de réir Toghcheantair.




*Léaráid 14: Bonnlíne d'Astaíochtaí Carbóin Mhaigh Chromtha de réir catagóire in 2018.*

I limistéar CD Mhaigh Chromtha úsáidtear réimse de chineálacha breosla i dtéamh lárnach na n-ionad réadmhaoine (Léaráid 15). Is í ola an foinse breosla is coitianta agus 71% de theaghlaigh ag baint úsáid as. Baineann 24% de theaghlaigh úsáid as gual, leictreachas, agus adhmad fad is a bhaineann 4% de theaghlaigh úsáid as Gás Nádúrtha, GPL, agus Móin. Cé nach mbaineann ach 1% de theaghlaigh leas as Foinsí In-athnuaite.


# CRIOS DÍCHARBÓNAITHE TORTHAÍ FBA

**Tugtar achoimre ar astaíochtaí ón earnáil iompair sa limistéar CD thíos. De réir modh iompair, is carranna príobháideacha is cúis leis an sciar is mó d'astaíochtaí carbóin sa CD. Faightear amharc-léiriú de phátrúin timaistrithe sa CD thíos freisin.**




Is ionann líon iomlán astaíochtaí carbóin na hearnála iompair sa limistéar CD agus thart ar 10,747 tCO2e. Maidir leis an earnáil, táthar tar éis a shainaithint go dtagann 65% de na hastaíochtaí carbóin ó thaisteal i gcarranna príobháideacha, fad is a thagann 32% ó fheithiclí lasta bóthair agus earraí éadroma agus is é iompar poiblí is cúis le 3% den méid iomlán (Léaráid 16). Is iad peitreal agus díosal na foinsí breosla is coitianta agus gan ach líon beag daoine ag brath ar leictreachas.

Úsáideadh sonraí as daonáireamh 2016 chun iniúchadh a dhéanamh ar líon na gcomaitéirí ag teacht agus imeacht ón limistéar CD chun dul ar obair, chun na ollscoile nó ar scoil ar bhonn laethúil (Léaráid 17) Meastar go gcuireann na turais timaistir ag teacht agus ag imeacht ón CD, le hastaíochtaí 2,926 tCO2e agus 2,435 tCO2e, faoi seach. Cé go bhfuil baint mhór ag comaitéirí ag teacht agus ag imeacht ón limistéar CD leis na patrúin chomaitéireachta seo, ní hí teorainn an limistéir CD is cúis leis an tionchar ar fad. Ní chuirtear na sonraí seo san áireamh sa mheasúnú ar líon iomlán astaíochtaí iompair sa CD mar sin.




# CRIOS DÍCHARBÓNAITHE TORTHAÍ FBA

**Tugtar achoimre sa mhír thíos ar astaíochtaí carbóin CD Mhaigh Chromtha a bhaineann leis an earnáil tráchtála agus phoiblí, iad curtha in iúl de réir cineál foirgnimh agus cineál breosla. Léirítear na hastaíochtaí carbóin a thagann ó dhramhaíl an CD freisin, mar aon le gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú leis na hiarrachtaí astaíochtaí a laghdú ar fud an CD.**


Is iad an earnáil tráchtála & phoiblí is cúis le 34% d'astaíochtaí carbóin an CD, céatadán arb ionann é agus tuairim is 11,518 tCO2e. Léirítear torthaí an mheasúnaithe a rinneadh ar an earnáil tráchtála agus phoiblí de réir cineál foirgneamh i Léaráid 18. Tá 65 foirgneamh 'tráchtála' sa limistéar CD taobh thiar de 55% de na hastaíochtaí carbóin fad is atá 582 foirgneamh 'Eile' taobh thiar de 35% agus 7 bhfoirgneamh 'úsáid mheasctha' taobh thiar de 10% de na hastaíochtaí carbóin.

Léirítear líon iomlán astaíochtaí carbóin na hearnála tráchtála agus na hearnála poiblí de réir cineál breosla i Léaráid 19. Is é leictreachas an phríomhfhoinse breosla a úsáidtear sa limistéar CD, agus soláthraíonn sé cumhacht do thart ar 58% d'fhoirgnimh tráchtála agus phoiblí sa limistéar CD.

Is í an earnáil dramhaíola is cúis le thart ar 2% d'astaíochtaí carbóin limistéar CD Mhaigh Chromtha. Tá Saoráid Dramhaíola (Ionad Fóntas Poiblí Mhaigh Chromtha) agus Córas Cóireála Fuíolluisce (CCF Mhaigh Chromtha) lonnaithe sa limistéar CD. Fós féin, déileálann na hionaid seo le dramhaíl ó dhaonra lasmuigh de theorainn an CD. Dá bhrí sin, chun astaíochtaí ó dhramhaíl a ríomh laistigh den teorainn CD, úsáideadh tagarmharc de 0.21 tCO2e/ in aghaidh an duine den daonra le haghaidh astaíochtaí carbóin ó dhramhaíl. Ar an mbonn seo, meastar go bhfuil astaíochtaí carbóin ó dhramhaíl laistigh de theorainn an limistéar CD thart ar 832 tCO2e.




*Léaráid 18: Líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin ón earnáil tráchtála agus ón earnáil poiblí sa limistéar CD, de réir cineál foirgnimh.*




*Léaráid 19: Líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin ó ghníomhaíochtaí na hearnála tráchtála agus na hearnála poiblí sa Chrios Dícharbónaithe, de réir cineál breosla.*

## ASTAÍOCHTAÍ A LAGHDÚ

- Tarraingíonn an measúnú Leibhéal 3 a rinneadh ar an limistéar CD aird ar na háiteanna is measa i gceantar Mhaigh Chromtha ó thaobh carbóin de, rud a thug eolas a fhónfaidh do Chomhairle Contae Chorcaí agus iad ag tabhairt faoi dhícharbónú agus faoi ghníomhú ar son na haeráide ar bhonn áitiúil agus i measc an phobail d'fhonn astaíochtaí a laghdú i Maigh Chromtha. I measc na ngníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh a thacódh le hastaíochtaí a laghdú ar fud an CD tá:
- Bearta cuí a chur i bhfeidhm chun stoc tithíochta ar bheagán carbóin a bhaint amach, lena n-áirítear córais bhainistíochta fuinnimh agus méadair chliste a chur isteach ar bhonn céimneach.
- Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála tráchtála agus na hearnála poiblí a bharrfheabhsú.
- Bonneagar oiriúnach a sholáthar le gur féidir le daoine níos mó taistil a dhéanamh ar bhealach aclaí agus cur le líon na saoráidí luchtaithe atá ar fáil.
- Fógraíocht a dhéanamh maidir le tionscnaimh atá á reáchtáil ar bhonn trialach chun roghanna níos fearr a thabhairt don phobal chun athchúrsáil a dhéanamh.

# RIOSCA UM ATHRÚ AERÁIDE MEASÚNÚ



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AN MODH A ÚSÁIDFEAR CHUN MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE A DHÉANAMH

**I dtús báire is den ríthábhacht é go dtuigeann Comhairle Contae Chorcaí na rioscaí a bhaineann le haeráid le gur féidir leo gníomhartha a fhorbairt atá éifeachtach agus éifeachtúil mar fhreagairt ar an athrú aeráide atá le sonrú faoi láthair agus a tharlóidh amach anseo. Is éard a dhéanann measúnuithe riosca ar athrú aeráide ná tuairim mheáite a thabhairt maidir leis na contúirtí aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus na bealaí ina bhféadfaidís cur isteach ar dhaoine. Is rud ríthábhachtach é seo chun bonn eolais a chur faoi na hiarrachtaí chun tús áite a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide aeráide agus d'infheistíocht i ngníomhú ar son na haeráide.**

Is é an aidhm atá le hoiriúnú ná na rioscaí bainteach le hathrú aeráide a laghdú i gcás Contae Chorcaí agus a theacht aniar a neartú. Fós féin, sular féidir tabhairt faoi oiriúnú, is den tábhacht é go bhfaightear tuiscint níos fearr ar na rioscaí bainteach le hathrú aeráide atá ag bagairt ar an réigiún agus conas a d'fhéadfadh na rioscaí seo cur isteach ar na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chorcaí. Chuige seo, rinneadh Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide (MRAÁ) i gcomhréir le 'Iarscríbhinn Theicniúil B: Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide' mar chuid de threoirlínte um Pleanáil i gcomhair Gníomhú ar son na hAeráide de chuid na n-Údarás Áitiúil agus tugann sé MRAÁ cáilíochtúil. Tacóidh MRAÁ cáilíochtúil le rioscaí féideartha aeráide a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh amach anseo le gur féidir anailís níos mionsonraithe a dhéanamh orthu agus cothaíonn sé tuiscint leathan ar cad iad na háiteanna ina mbeadh gá le gníomhartha oiriúnaithe. Beidh dhá chéim i gceist leis an gcur chuige seo, ina ndéanfar measúnú ar na rioscaí agus na drochthionchair a ghabhann leo atá ann faoi láthair agus amach anseo.

### CÉIM 1: MEASÚNÚ AR NA RIOSCAÍ AGUS NA DROCHTHIONCHAIR ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

I dtús báire is den ríthábhacht é go dtuigtear tionchair na haeráide faoi láthair agus na contúirtí a bhaineann le drochaimsir le gur féidir tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide amach anseo. Is éard atá i gceist le Céim 1 ná réimse na gcontúirtí aeráide a shainaithint atá ag cur isteach ar Chontae Chorcaí faoi láthair agus conas a d'fhéadfaidís cur isteach ar an soláthar seirbhísí a bhíonn ar siúl ag Comhairle Contae Chorcaí.

Na hathruithe le sonrú in aeráid Chontae Chorcaí faoi láthair a mheas agus contúirtí aeráide agus drochaimsire a shainaithint

Measúnú a dhéanamh ar na tionchair agus ar na rioscaí do Chontae Chorcaí faoi láthair a bhaineann le contúirtí aeráide agus drochaimsire

Iarmhairtí na dtionchar agus na rioscaí ar sainaithníodh iad maidir le soláthar seirbhísí Chomhairle Contae Chorcaí a mheas

### CÉIM 2: MEASÚNÚ AR NA RIOSCAÍ AGUS NA DROCHTHIONCHAIR A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN AMACH ANSEO

Agus forbairt á déanamh aige ar an méid a fuarthas amach ó mheasúnú Chéim 1, déanfaidh Céim 2 na contúirtí aeráide agus drochaimsire atá ag titim amach faoi láthair a mheas le tuairim a thabhairt faoi conas a athróidh siad amach anseo, agus é ag cur san áireamh na hathruithe atá á dtuar chomh maith leis an athrú ar fhorbairt shocheacnamaíoch a mheastar go dtarlóidh (m.sh. méaduithe ar an daonra atá á dtuar). Lena chois sin, sainaithneofar i gCéim 2 aon riosca nua nó ag teacht chun cinn do Chontae Chorcaí ó athrú aeráide agus drochaimsire. Mar shampla, de réir na réamh-mheastachán éireoidh tonnta teasa níos minice agus níos déine amach anseo, rud a fhágann go mbeidh riosca níos mó ann le teas amach anseo.

Measúnú a dhéanamh ar na hathruithe a d'fhéadfadh tarlú amach anseo i dtaca le minicíocht agus déine contúirtí aeráide agus drochaimsire

Measúnú a dhéanamh ar na hathruithe i dtaca le forbairt socheacnamaíoch de a d'fhéadfadh tarlú amach anseo

Contúirtí aeráide agus drochaimsire ag teacht chun cinn agus na drochthionchair bainteach leo a shainaithint agus a mheas

Rioscaí ó athrú aeráide do Chontae Chorcaí agus do Chomhairle Contae Chorcaí a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh

# AN MODH A ÚSÁIDFEAR CHUN MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE A DHÉANAMH

**Ar aon dul le treochtaí domhanda, tá an aeráid in Éirinn agus i gCorcaigh ag athrú: tá teochtaí ag ardú, tá leibhéil na mara ag ardú agus tá patrúin frasaíochta ag athrú. Meastar go leanfaidh na hathruithe seo ar aghaidh agus is iomaí bealach ina mbeidh Corcaigh agus Contae Chorcaí agus Chorcaí thíos leo. Tugtar cuntas thíos faoi na hathruithe agus na contúirtí aeráide agus drochaimsire is mó atá tugtha faoi deara i gContae Chorcaí cheana féin.**

## Ardú ar Leibhéal na Mara


Tháinig ardú thart ar 40cm ar leibhéil na mara i gCeantar Chuain Chorcaí ó bhí 1942 ann*

**31.6°C**

An teocht b'airde riamh a taifeadadh an 18 Meitheamh 2018 ag Gleann Garbh, Inis Cuilinn.

## BÁISTEACH

Tháinig méadú 3% ar an meánbháisteach bhliantúil in Aerfort Chorcaí don tréimhse is déanaí (1981-2010) i gcomparáid leis an mbonnlíne 1961-1990**




## 0.5°C

Meánmhéadú teochta don tréimhse 1981-2010 i gcomparáid leis an mbonnlíne 1961-1990

**Maidir le hAerfort Chorcaí, bhí 4 cinn de na samhraí ba theo a taifeadadh le 10 mbliana anuas bunaithe ar thaifid a théann siar go dtí 1961****

**Thit 230mm de bháisteach le linn thuile Ros Ó gCairbhe in 2020 (an méid is airde a taifeadadh ó bhí 1961 ann) *****

**DÁLAÍ FOIRCNEACHA TEASA (SAMHRADH 2018):**
Taifeadadh teocht 30.1°C ag Páirc an Mhúraigh, Co. Chorcaí le linn na toinne teasa le linn shamhradh 2018 agus é ar an samhradh ba thirime a taifeadadh riamh (téann taifid siar 56 bliana). Lean an aimsir bhrothallach ar aghaidh go dtí go raibh dálaí triomaigh ann i mí Iúil agus b'éigean srianta uisce a chur i bhfeidhm.

**TUILE D'UISCE DROMCHLA (LÚNASA 2020)**
Thit 230 milliméadar báistí i Ros Ó gCairbre i Lúnasa 2020 (An méid is mó báistí a taifeadadh riamh ó 1961). Tharla maidhmeanna tuile ar fud an N-71 i Ros Ó gCairbre dá bharr seo, R-597 ag Droichead an Ruaraigh agus ar bhóithre eile fud fad Cloich na Coillte, Dún Mánmhaí, Beanntraí & Rinn Mhuintir Bháire. Rinneadh dochar do bhóithre agus d'ionaid réadmhaoine dá bharr agus b'éigean don chomhairle costas nach beag a íoc chun iad a dheisiú.

**SNEACHTA & LEAC OIGHIR (AN T-ARRACHT ÓN OIRTHEAR, AN 18 MÁRTA):**
Thit 15 cheintiméadar sneachta ag Aerfort Chorcaí, áit ar taifeadadh íosteocht de -7°C ar an 1 Márta agus bhí Contae Chorcaí ar cheann de na ceantair ba mheasa a bhí buailte le fuacht. B'éigean Aerfort Chorcaí a dhúnadh agus gan an dara rogha ag 400 duine ach oíche a chur díobh san aerfort agus a n-eitiltí curtha ar ceal. Tuairiscíodh droch-dhálaí bóthair agus an N27 go hAerfort Chorcaí is an N28 go Rinn an Scidígh go háirithe buailte go dona.

**GAOTH (STOIRM BHARRA, AN 21 NOLLAIG):**
Taifeadadh luasanna gaoithe 120 ciliméadar in aghaidh na huaire ag Rinn an Róistigh, Co. Chorcaigh. Fágadh breis agus 3,000 teach gan chumhacht agus cuireadh isteach ar an soláthar uisce chuig cúpla céad teach. Chuir tuilte cois cósta isteach ar 23 áitreabh i mBeanntraí, bhí na bóithre an-chontúirteach agus breis is 100 crann tite de réir tuairiscí chomh maith le tuilte uisce dromchla in go leor áiteanna. B'éigean stráice den M8 a dhúnadh ar feadh 24 uair an chloig toisc gur iompaigh na gaotha arda leoraí bunoscionn. Cuireadh eitiltí ar ceal agus cuireadh isteach ar sheirbhísí sláinte.

**TUILTE COIS CÓSTA (STOIRM ELLEN, AN 20 LÚNASA):**
Taifeadadh luasanna gaoithe de 143 ciliméadar in aghaidh na huaire ag Rinn an Róistigh, an ghaoth is tapúla riamh do Lúnasa ó 1942 ar a laghad. Thuairiscigh an BSL go raibh 40,000 áitreabh ar fud Chontae Chorcaí gan chumhacht, go háirithe sa Scoil, i mBeanntraí, sa Sciobairín, i gCloich na Coillte, i nDún Mánmhaí. Tuairiscíodh freisin go ndearnadh dochar do bháid agus do shaoráidí i Muiríne an Chóibh i gCuan Chorcaí a osclaíodh tamall roimhe sin. Cuireadh isteach ar an soláthar uisce agus tuairiscíodh go raibh tuilte ann i Sciobairín, Cionn tSáile, Mainistir na gCorann agus i mBeanntraí.

# TARLÚINTÍ ADHAIMSIRE I GCONTAE CHORCAÍ

**Cuireann tarlúintí adhaimsire isteach go mór ar phobail, ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh Chontae Chorcaí. Le tuiscint a fháil ar réimse na n-imeachtaí drochaimsire atá ag cur as do Chontae Chorcaí faoi láthair, caitheadh súil siar ar na huaireanta a tharla adhaimsir i gContae Chorcaí idir 1985 agus 2022.**

Le linn na tréimhse 1985 go 2022, is minic a bhí Contae Chorcaí buailte le stoirmeacha gaoithe agus le tuilte (cois cósta, abhann agus báistiúil), go mór mór i gcás áiteanna inbhir amhail Beanntraí. Bhí an Contae buailte go dona le tonnta teasa freisin agus is iad na comharthaí sóirt ba mhó de sin ná dromchlaí bóthair á gcur as a riocht agus a liacht uair a tharla tinte a d'imigh ó smacht fad is gur chuir titim sneachta agus reo isteach ar líonraí iompair, fuinnimh agus soláthair uisce ar fud an chontae. Léirítear sa tábla thíos achoimre ar na tarlúintí adhaimsire is mó, ina luaitear an cineál teagmhais, an dáta ar ar tharla sé agus ina dtugtar cuntas gairid ar an teagmhas agus na tionchair a d'eascair as. Cuireann an tábla leis an anailís atá le fáil sa Straitéis um Oiriúnú de chuid Chomhairle Contae Chorcaí agus cuimsíonn sé an tréimhse 2018-2022.

| TEAGMHAS | DÁTA | DÉAN CUR SÍOS |
|---|---|---|
| Tonn Teasa | Lúnasa 2022 | Teochtaí arda ar an iarnród, b'éigean laghdú a dhéanamh ar an luasteorainn de 50mph idir Cúil an tSúdaire agus an Tulach Mhór. Dromchlaí bóthair curtha as a riocht ar fud an Chontae. |
| Stoirm Eunice | Feabhra 2022 | Dúnadh thar ar 17 oifigí comhairle & láithreacha áineasa de bharr an bhaoil a bhí ann ón stoirm. Tharla thart ar 22 theagmhas de chrainn ag titim agus de chur isteach ar bhóithre. An séideán is treise taifeadta ag Rinn an Róistigh, Co. Chorcaí agus é 137 gciliméadar in aghaidh na huaire (74 kt). |
| Stoirm Bharra | Nollaig 2021 | Tháinig tuilte taoide isteach i 23 áitreabh i mBeanntraí.<br>Breis agus 3,000 bristeach cumhachta, na céadta tithe buailte ag cur isteach ar sholáthar uisce. |
| Tonn Teasa | Samhain 2021 | Meastar gur mharaigh blás planctóin tocsaineach 80,000 bradán saothraithe arbh fhiú suas le €2.4m iad amach ó chósta Chorcaí. |
| Tonn Teasa | Lúnasa 2021 | Athruithe ar dhálaí aigéanacha (teochtaí dhromchla na farraige ag ardú agus smugairlí róin ag dul i líonmhaire). Tugadh foláireamh mar gheall orthu do thart ar 14 thrá ar fud an chontae. |
| Gaotha arda & báisteach throm | Deireadh Fómhair 2020 | Cuireadh 15 ionad réadmhaoine i mBeanntraí faoi uisce nuair a tharla gaotha arda, báisteach throm, agus maidhm cois cósta. |
| Stoirm Ellen | Lúnasa 2020 | Thuairiscigh an BSL go raibh gearradh cumhachta i 40,000 áitreabh i gCorcaigh, lena n-áirítear Scoil, Beanntraí, Sciobairín, Cloich na Coillte, Dún Mánmhaí. Rinneadh dochar do bháid agus do shaoráidí sa Mhuiríne nua i gCóbh i gCuan Chorcaí. |
| Stoirm Phroinsias | Lúnasa 2020 | Thit báisteach throm le linn stoirm Phroinsias agus d'éirigh bóithre contúirteach dá bharr fad is a bhí baol ann ó smionagar, tuile dromchla agus ó chrainn ag titim. |
| Tuilte i Ros Ó gCairbre | Lúnasa 2020 | Thit 230 milliméadar báistí le linn tuilte a tharla i Ros Ó gCairbhe in 2020 (an méid is mó a taifeadadh ó bhí 1961 ann). Dochar déanta do bhóithre (an bóthar Ros Ó gCairbre go Cuan Dor agus an R597 agus Droichead Ruaraigh) agus do réadmhaoin. |
| Stoirm Atiyah | Nollaig 2019 | Ba é 91 ciliméadar in aghaidh na huaire an buaic-luas leanúnach is mó a taifeadadh agus tharla sé ar Inis Arcáin. Dúnadh bóithre mar gheall ar chrainn tite agus smionagar eile. Cuireadh eitiltí ar ceal ag Aerfort Chorcaí. |
| Tonn Teasa | Samhradh 2018 | Teochtaí arda & dálaí triomaigh. Taifeadadh 30.1°C ag Páirc an Mhúraigh.<br>An samhradh is tirime a taifeadadh le 56 bliain. |
| Tonn Teasa | Iúil 2018 | Tharla tinte portaigh a d'imigh ó smacht ar fud na tíre. |
| Stoirm Emma & an t-Arracht ón Oirthear | Márta 2018 | Cuireadh as an líonra iompair;shíob an sneachta go domhain ar bhóithre agus b'éigean carranna a thréigean dá bharr. Taifeadadh 15 cheintiméadar de sneachta ag Aerfort Chorcaí agus íosteocht de -7oC ann ar an 1 Márta. |
| Stoirm Eleanor | Jan 2018 | Bhí cearnóg bhaile Bheanntraí faoi thuilte cósta de bharr gaotha fórsa stoirme. |
| Spéirling Ophelia | Deireadh Fómhair 2017 | Ba í Spéirling Ophelia an spéirling mhór is sia soir ón Atlantach a taifeadadh riamh. Faoin am ar tháinig sé chomh fada le hÉirinn, rangaíodh é mar stoirm eachtar-theochriosach agus taifeadadh luasanna gaoithe suas le 156 ciliméadar in aghaidh na huaire ag Rinn an Róistigh. Rinne Stoirm Ophelia dochar mór d'fhoirgnimh agus do bhonneagar ar fud Chontae Chorcaí agus chuir sí isteach go mór ar líonraí iompair, fuinnimh agus cumarsáide. |
| Tuile Screamhuisce | Eanáir 2016 | Bhí an N25 faoi uisce idir Cill la agus Baile na Martra. |
| Teochtaí faoi bhun an reophointe | Nollaig 2010 | Tharla tréimhse an-fhuar agus taifeadadh teochtaí de -7.2°C i gContae Chorcaí. Dúnadh gnólachtaí go fada fairsing agus rinneadh dochar mór do líonraí agus do bhonneagar uisce agus fuinnimh. |
| Teas Fíorbhrothallach | Samhradh 2006 | An aimsir is teo, tirime agus is grianmhaire a bhí ann ó 1995. Tharla an lá is teo den bhliain i gCorcaigh ar an 5 Lúnasa.<br>An samhradh is grianmhaire le 40 bliain anuas ag Aerfort Chorcaí agus ag Réadlann Dhairbhre. |
| Tuilte Cois Cósta | Feabhra 2002 | Tharla tuilte cois cósta de dheasca taoidí thar a bheith ard. |

# ATHRUITHE AERÁIDE ATÁ Á DTUAR DO CHONTAE CHORCAÍ

**Ar aon dul leis na hathruithe aeráide atá tuartha don domhain agus don tír seo, meastar go dtiocfaidh athrú ar aeráid Chontae Chorcaí. Táthar ag súil go mbeidh níos mó tonnta teasa, triomach agus tuilte ann fad is a bheidh níos lú tréimhsí fuara agus sneachta trom ann de réir na réamh-mheastachán.**

De bharr athrú aeráide, meastar go dtiocfaidh athrú ar cé chomh minic is a bheidh tarlúintí adhaimsire ann. I gcás Chontae Chorcaí, fágann sé seo go mb'fhéidir go dtarlódh roinnt guaiseacha níos minice agus seans nach dtarlódh guaiseacha eile chomh minic sin. Féach thíos forléargas ar na hathruithe réamh-mheasta maidir le cé chomh minic agus a tharlóidh guaiseacha aeráide i gContae Chorcaí faoi 2050.

| GUAIS | AN T-ATHRÚ ATÁ Á THUAR MINICÍOCHT | RÉAMH-MHEASTACHÁIN AERÁIDE |
|---|---|---|
| Tonnta teasa | Méadú ↑ | • Tugann réamh-mheastacháin le fios go dtiocfaidh méadú foriomlán de idir 1.1 agus 1.5°C ar an meánteocht i gContae Chorcaí.<br>• I gcás go leanfar de líon mór astaíochtaí a chur amach, tugann na réamh-mheastacháin le fios go mbeidh tonnta teasa níos líonmhaire faoi lár an chéid agus go dtarlóidh siad go bliantúil geall leis in áiteanna i gContae Chorcaí. |
| Triomach | Méadú ↑ | • Meastar go dtitfidh níos lú báistí i rith an tsamhraidh amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne de 1981 go 2000, agus go dtarlóidh dálaí triomaigh níos minice dá bharr. |
| Seal Fuar | Laghdú ↓ | • Mar gheall ar theochtaí a bheith ag dul in airde, táthar á thuar go mbeidh níos lú laethanta sioc, laethanta oighir, agus titim sneachta ann le linn na tréimhse 2041-2060 i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne de 1981 go 2000. |
| Sneachta Trom | Laghdú ↓ | • Meastar go dtitfidh i bhfad níos lú sneachta go bliantúil sa réigiún faoi lár an chéid. |
| Drochstoirmeacha Gaoithe | Athrú ar bith — | • Is doiligh líon na stoirmeacha a bheidh ann a thuar. Faoi lár an chéid, tugann na réamh-mheastacháin le fios go mbeidh an meánluas gaoithe beagnach mar an gcéanna leis an meánluas gaoithe atá ann faoi láthair. Mar sin féin, tugann roinnt réamh-mheastacháin le fios go mbeidh níos mó drochstoirmeacha ann cé nach dtarlaíonn siad ach go hannamh faoi láthair |
| Tuilte Cois Cósta | Méadú ↑ | • I gcás go leanfar de líon mór d'astaíochtaí a chur amach, tugann réamh-mheastacháin le fios go dtiocfaidh méadú suas le 0.26 méadar ar leibhéil na mara faoi 2050 agus beidh níos mó tuilte cois cósta i gContae Chorcaí dá bharr. |
| Creimeadh Cósta | Méadú ↑ | • Tá dlúthbhaint idir leibhéal na mara a bheith ag dul in airde agus méadú ar luas agus ar mhéid an chreimthe cósta. |
| Tuile Abhann | Méadú ↑ | • Tugann réamh-mheastacháin le fios go dtarlóidh níos mó laethanta de bháisteach throm (laethanta ar a bhfuil frasaíocht> 30 milliméadar ann) i gContae Chorcaí agus méadú suas le 52% á thuar do roinnt ceantar. Is dóichí ná a mhalairt go ngabhfaidh níos mó tuilte abhann agus uisce dromchla leis seo. |
| Tuilte Uisce Dromchla | Méadú ↑ | |
| Tuilte Screamhuisce | Athrú ar bith — | • Níl réamh-mheastacháin le fáil fós maidir le hathruithe ar thuilte screamhuisce agus nílimid cinnte dá réir cé chomh minic agus a tharlóidh tuilte screamhuisce amach anseo. |

***Focal faoi Mhodheolaíocht***

*Agus measúnú á dhéanamh againn ar riosca um athrú aeráide, bainimid leas as faisnéis aeráide a fuaireamar ó Nolan agus Flanagan (2020) agus a thángamar air trí Climate Ireland maidir le dhá chás aeráide.*

# RIOSCAÍ A BHAINEANN LEIS AN AERÁID AMACH ANSEO

**Agus sinn ag iarraidh na rioscaí aeráide a dhéanamh amach do Chontae Chorcaí amach anseo, déanaimid athruithe réamh-mheasta ar líon na nguaiseacha aeráide a mheas in éineacht le hathruithe atá á dtuar d'fhorbairt shocheacnamaíoch agus d'athrú daonra. Táthar ag súil go leanfaidh daonra Chontae Chorcaí ag fás amach anseo. Is amhlaidh go mbeidh daonra ag dul i líonmhaire fágtha gan chosaint ar ghuaiseacha aeráide mar sin, rud a fhágann go mbeidh cur isteach níos mó agus níos mó ann ar Chontae Chorcaí agus níos mó daoine thíos leis agus méadú ar an gcostas a bhaineann le damáistí eacnamaíocha dá bharr.**


Le cois athruithe ar dhálaí aeráide, athróidh Contae Chorcaí ó thaobh tréithe déimeagrafacha a dhaonra agus forbairtí de faoi 2050. Rachaidh sé seo i bhfeidhm ar líon na ndaoine agus na sócmhainní a fhágfar gan chosaint ar agus a bheidh thíos le teagmhais ghuaise nuair a tharlaíonn siad. Mar shampla, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú 66,000 duine ar dhaonra Chontae Chorcaí faoi 2031, agus táthar ag súil go méadóidh líon na ndaoine os cionn 65 bliana d'aois go os cionn 93,000 faoi 2041. Dá réir sin, déantar réamh-mheastacháin maidir le rioscaí aeráide amach anseo, na hathruithe atá á dtuar maidir le líon agus déine na nguaiseacha aeráide a mheas in éineacht le hathruithe atá á dtuar maidir leis an daonra agus le forbairt shocheacnamaíoch.

Gach seans go mbeidh baol níos mó ann ó thaobh tuilte abhann, uisce dromchla agus cois cósta de agus gach seans go tiocfaidh méadú ar chreimeadh cósta de réir mar a éiríonn teagmhais ghuaise níos líonmhaire agus beidh níos mó sócmhainní fágtha gan chosaint ar na teagmhais seo.

Táthar ag súil go dtarlóidh tonnta teasa agus triomaigh níos minice de bharr athrú aeráide agus seans ann go gcuirfí isteach níos mó ar Chontae Chorcaí mar sin i gcomparáid leis an líon díobh a tharlaíonn faoi láthair agus, ó tharla go mbeidh sciar níos mó den daonra ina seandaoine, ní bheidh siad chomh hábalta sin cur suas le tonnta teasa agus le dálaí triomaigh.
Cé go meastar nach dtiocfaidh aon athrú ar líon agus ar dhéine na drochstoirmeacha gaoithe amach anseo, beidh baol ann i gcónaí go dtarlódh teagmhais den sórt seo i gContae Chorcaí. Ní thiocfaidh athrú ar chur isteach ná ar líon na dtuilte screamhuisce amach anseo ach oiread, rud a fhágann nach dócha go dtarlóidís rómhinic amach anseo.

Tá an chuma air go mbeidh baol ann i gcónaí de sneachta trom agus tréimhsí fuara i gContae Chorcaí ach, é sin ráite, ós rud é gur dócha nach dtarlóidh a oiread sin de theagmhais ghuaise amach anseo, seans maith mar sin nach mbeidh an oiread sin díobh ag tarlú agus riosca níos lú ann dá bharr.

Faoi threoir an leibhéil reatha riosca, léirítear i Léaráid 20 thíos na hathruithe ar leibhéil riosca bainteach le guaiseacha aeráide atá á dtuar:




*Léaráid 20: Líon iomlán na n-astaíochtaí carbóin a thagann ó ghníomhaíochtaí na hearnála tráchtála & poiblí sa limistéar CD, de réir cineál breosla. Léiríonn an mháithreach rioscaí thuas na hathruithe riosca a tharlóidh amach anseo maidir le guaiseacha sainaitheanta i gContae Chorcaí. I gcás gach guais tá marcóir soladach ann chun an riosca amach anseo a léiriú agus marcóir toll ann chun an riosca atá ann faoi láthair a léiriú. Léiríonn an líne poncanna idir na marcóirí an t-athrú atáthar á thuar.*

# FÍS AGUS MISEAN DO CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ



# RIOSCAÍ A BHAINEANN LEIS AN AERÁID AMACH ANSEO

**Tá na húdaráis áitiúla tar éis dulta i mbun gníomhú ar son na haeráide cheana féin agus pleananna uaillmhianacha acu chun an deis uathúil a thapú a oiread agus is féidir gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud a n-eagraíochtaí agus a gcontaetha féin. Sonrófar sa PGAÚÁ spriocanna na n-údarás áitiúil agus na gníomhartha a ghlacfaidh an tÚdarás Áitiúil ar fud a chuid seirbhísí féin chun spriocanna astaíochtaí náisiúnta a bhaint amach agus le go mbeidh níos mó teacht aniar ina chuid sócmhainní daonna agus bonneagair i leith cur isteach ó athrú aeráide. Sonrófar sa PGAÚÁ freisin conas a oibreoidh an t-údarás áitiúil lena phobail féin chun athrú chun feabhais a chur chun cinn agus i gcomhar le gníomhaireachtaí rialtais agus stáit náisiúnta chun gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích.**

Is é an bealach is éifeachtaí chun spriocanna PGAÚÁ a bhaint amach ná a chinntiú go bhfuil 'gach duine ag rámhaíocht sa treo céanna', agus go dtugtar gearrchuntas ar an gceann scríbe seo i bhfoirm bhfís aontaithe den todhchaí, a bheidh mar thaca le gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide. Ó tharla ról chomh leathan sin a bheith ag Comhairle Contae Chorcaí, is den tábhacht é go bhfuil fís aontaithe aici, fís ina bhfuil dearcadh comhroinnte a bhfuil dúil ag gach duine ann de shochaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus neodrach ó thaobh na haeráide de, ar bhealach a thabharfaidh páirtithe leasmhara le chéile agus a spreagfaidh chun gnímh iad.

***Le bheith ina eagraíocht aeráide atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus ar bheagán carbóin, eagraíocht a spreagann, a threoraíonn agus a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach uaillmhianach cóir ar fud an chontae.***

Cé go gcuireann Físráiteas Chomhairle Contae Chorcaí in iúl an cás is fearr atá sé mar aidhm a bhaint amach, tá cuspóir stuama mar bhunús ag an ráiteas misin, cuspóir a dhíríonn ar gníomhú ar son na haeráide éifeachtach a chur i gcrích agus a dhéanamh mar dhlúthchuid dá seirbhísí agus dá bhfeidhmeanna go léir. Beidh an ráiteas misin seo atá dírithe ar ghníomhartha mar threoir chabhrach d'ionadaithe agus do pháirtithe leasmhara Chomhairle Contae Chorcaí agus iad ag iarraidh a gcuid oibre a chomhordú i dtreo na Físe sainithe.

***Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla chomh maith le tacú le saoránaigh agus iad a spreagadh chun gníomhú ar son na haeráide lena chinntiú go leanfaidh Corcaigh le bheith ina áit thaitneamhach, iomaíoch agus inbhuanaithe le bheith i do chónaí ann, cuairt a thabhairt air nó a bheith i mbun gnó ann.***

Socraíonn spriocanna straitéiseacha an comhthéacs ina dtabharfar faoi bhearta maolaithe agus oiriúnaithe ar mhaithe le Fís agus Misean Chomhairle Contae Chorcaí i leith na hAeráide. Is é an bua atá ag spriocanna den sórt sin a shainaithint agus a fhorbairt ná go gcuireann sé cur chuige struchtúrtha ar bun i leith an oird ina dtabharfar faoi na gníomhaíochtaí aeráide ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Tháinig roinnt príomhthéamaí chun cinn le linn saincheisteanna a chur i dtoll a chéile mar chuid de bhonn fianaise a chruthú agus cuireann na príomhthéamaí seo bonn eolais faoi na spriocanna seo.

Is iad seo na Spriocanna agus na Cuspóirí a ghabhann leo atá beartaithe ag Comhairle Contae Chorcaí:

| | |
|---|---|
| **1. Timpeallacht Thógtha agus Bonneagar**<br><br>1.1 An méid a chuireann an chomhairle le hathrú aeráide a laghdú<br><br>1.2. Seasmhacht an bhonneagair iompair, sócmhainní agus stoc tithíochta na comhairle a fheabhsú | **2. Teacht Aniar an Phobail agus Aistriú**<br><br>2.1 Cur le cumas na bpobal gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích<br><br>2.2 Saincheisteanna um ghníomhú ar son na haeráide a dhéanamh mar dhlúthchuid de phleanáil i leith úsáid talún |
| **3. Rialachas**<br><br>3.1 Tacú le gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud gníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na comhairle<br><br>3.2. Obair i ndlúthchomhar le hearnálacha agus gníomhaireachtaí eile chun cláir a chur i gcrích a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide | **4. Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**<br><br>4.1 Cothabháil a dhéanamh agus feabhas a chur ar shócmhainní nádúrtha Chontae Chorcaí<br><br>4.2 Leas a bhaint as sócmhainní nádúrtha Chontae Chorcaí d'fhonn cur le teacht aniar agus a bheith ar bheagán carbóin |

# AGUISÍN



# FOINSÍ EOLAIS

## FARDAL MAIDIR LE BONNLÍNE ASTAÍOCHTAÍ

1. Bunachar sonraí MapEire, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)
2. Bunachar sonraí Corine, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)
3. Bunachar sonraí um Cheadúnais Dramhaíola, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)
4. An Clár ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (CSAT), An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)
5. Metered Electricity Consumption 2020, an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)
6. Household Environmental Behaviours - Energy Use, Q3 2021, an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)
7. Non-Domestic Building Energy Ratings, Q3 2018, an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)
8. Transport Omnibus 2018, an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)
9. Energy in Ireland, 2019 Report, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)
10. National BER Research Tool, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)
11. National Energy Balance, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)
12. Conversion Factors, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)
13. Energy Benchmarking Tool, Chartered Institution of Building Services Engineers (CIBSE)
14. Teagasc, Roinn Comhshaoil Bia & Gnóthaí Tuaithe (RCBGT)

## MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE

1. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)
2. Catchments.ie (GCC)
3. Floodinfo.ie (Oifig na nOibreacha Poiblí)
4. Data.gov.ie
5. Suíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí
6. Faireachán ar shonraí geilleagair agus pobail Chorcaí
7. Straitéis Chomhairle Contae Chorcaí um Oiriúnú 2019-2024
8. Straitéisí Earnála um Dhul in Oiriúint d'Athrú Aeráide (2018)
9. Plean Corparáideach Chontae Chorcaí (2019-2024)
10. Ceardlann do pháirtithe leasmhara
11. Met Éireann
12. Suíomh gréasáin Réamhaisnéis na hAimsire Dhún na nGall
13. afloat.ie (Iris Sheoltóireachta, Bhádóireachta agus Mhara)
14. Nuacht RTE
15. Independent.ie
16. Irish Examiner
17. An Irish Times
18. Réalt an Deiscirt
19. Cork Beo
20. An Echo
21. High-resolution Climate Projections for Ireland – A Multi-model Ensemble Approach (Nolan and Flanagan, 2020) fuarthas rochtain air trí Climate Ireland
22. Uirlis Réamh-mheastacháin maidir le Leibhéal na Mara IPCC AR6
23. Plean Forbartha Chomhairle Contae Chorcaí 2022-2028
24. Straitéis Spásúil & Eacnamaíoch Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt

# TUAIRISC ACHOMHAIR AR FHIANAISE BHONNLÍNE



# PLEAN GNÍO-MHAÍOCHTA AR SON NA hAER-ÁIDE DE CHUID ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council